2025/1404

11.7.2025

CINNEADH (AE) 2025/1404 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Iúil 2025

lena gceaptar comhalta den Chúirt Iniúchóirí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 286(2) de,

Ag féachaint don togra ó Phoblacht na Cróite,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa [1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rachaidh téarma oifige Ivana MALETIĆ in éag an 14 Iúil 2025.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, comhalta nua a cheapadh ar an gCúirt Iniúchóirí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Ivana MALETIĆ ina comhalta den Chúirt Iniúchóirí don tréimhse ón 15 Iúil 2025 go dtí an 14 Iúil 2031.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE

[1] Tuairim an 22 Bealtaine 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).